



31 Lúnasa 2022

A Phríomhoide, a chara,

Fáilte romhat ar ais chuig an scoilbhliain nua.

**D'fhéadfadh an t-eolas seo a leanas a bheith ina chabhairt agus tús á chur leis an scoilbhliain nua seo.**

### **Eolas maidir le COVID-19**

Tá an Roinn Sláinte agus oifig an Phríomhoifigigh Leighis tar éis a chur in iúl nach bhfuil aon riachtanais nua ann i dtaca le COVID-19 a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí:

- **Fan sa bhaile má tá tú tinn.**  
An bealach is fearr le gach víreas a choinneáil amach as an scoil ná fanacht sa bhaile má tá tú tinn agus go dtí go bhfuil do shiomptóim leigheasta go suntasach ar feadh 48 uair an chloig.
- **Coinnigh dea-chaighdeán sláinteachais lámh**
- **Cloígh le béasa riospráide**
- **Cinntigh go bhfuil socruithe ann maidir le haeráil mhaith**
- **Lean ar aghaidh agus coinnigh dea-leibhéil glantacháin**

### **Deontais COVID-19**

Íocfar deontais COVID-19 chun glanadh breise agus trealamh cosanta pearsanta a chlúdach le scoileanna do Théarma 1 go luath. Beidh an ráta íocaíochta i dtaca leis na deontais seo mar an gcéanna agus a bhí siad anuraidh. Tá na deontais ghlantacháin agus trealaimh chosanta phearsanta á gcur le chéile in aon deontas amháin ionas go mbeidh solúbthacht níos fearr ag leibhéil na scoile idir na riachtanais ghlantacháin agus trealaimh chosanta phearsanta.

Níl aon riachtanas ann le maisc a chaitheamh agus ba chóir maisc a chur ar fáil d'aon bhaill foirne nó scoláirí ar mian leo iad a chaitheamh.

### **Treoir faoi hAeráil sna Scoileanna**

Níl aon athrú i dtreoir na Roinne maidir le haeráil ó tugadh suas chun dáta é in 2021. Sa treoir, leagtar amach na céimeanna praiticiúla atá le leanúint lena chinntiú go bhfuil



socruithe maidir le haeráil mhaith inár scoileanna. Tá sé tábhachtach go mbeidh cothromaíocht mhaith idir na socruithe aerála a bhainistiú agus leibhéil an chompoird sna scoileanna.

Agus tús á chur leis an scoilbhliain nua, is dea-chleachtas é a chinntiú go bhfuil na córais aerála agus na monatóirí CO<sub>2</sub> ag obair i gceart i gcomhréir le teoracha na ndéantóirí, mar a chéile le haon ghlantóirí aeir lena chinntiú go gcloítear leis an réisim glanta scagairí agus cothabhála atá molta ag an déantóir.

## **Pleananna Freagartha ar COVID-19**

I gcomhréir leis an bPrótacal Idirthréimhseach – Treoir an Dea-Chleachtais um Leanúint le Scaipeadh an COVID-19 a Chosc, ba chóir do gach ionad oibre leanúint ar aghaidh agus a Phlean Freagartha ar COVID-19 a choinneáil agus a uasdátú leis an gcomhairle sláinte poiblí athraithe a chur san áireamh. Faoi láthair tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar theimpléad na bpleananna Freagartha ar COVID-19 agus eiseofar iad seo chuig na scoileanna go luath.

## **Eolas agus tacaíocht maidir le daltaí/scoláirí ón Úcráin**

### **Bunachar Sonraí Ar Líne na mBunscoileanna agus Bunachar Sonraí Ar Líne na nIarbhunscoileanna (POD agus PPOD)**

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an eolas ar an POD agus ar an PPOD a choinneáil suas chun dáta lena n-áirítear sonraí maidir le leanaí atá tar éis clárú i scoil agus atá tar éis scoil a fhágáil. Tá sé seo an-tábhachtach i gcomhthéacs na leanaí ón Úcráin a bheadh tar éis teacht le déanaí chuig do scoil nó a bheadh tar éis do scoil a fhágáil le déanaí.

Tabhair faoi deara gurb é an seoladh ríomhphoist a úsáideann an Roinn le cumarsáid a dhéanamh le scoileanna an ceann a bhfuil taifead de ar POD nó ar PPOD. Cinntigh go bhfuil sé seo suas chun dáta le do thoil.

### **Úsáid a bhaint as acmhainn reatha na scoileanna**

Léirigh ár gcomhthaithí maidir le dul i ngleic leis an dúshlán chun áiteanna i scoileanna a chur ar fáil do leanaí na hÚcráine go bhfuil acmhainn mhaith iontu ar fud na tíre, cé go bhfuil brú acmhainne ann i limistéir áitiúla áirithe. Tá sé seo le feiceáil go háirithe ag leibhéal na bunscoile, cé gur aithníodh acmhainn mhaith freisin ag leibhéal na hiarbhunscoile i gcuid mhór limistéar. Trí úsáid a bhaint as an acmhainn seo, cinntíodh go raibh beagnach 7,300 scoláirí Úcránacha, sa chuid is mó de chásanna, in ann rochtain a dhéanamh ar chóiríocht atá ann cheana féin inár scoileanna sa tréimhse ó mhí an Mhárta go mí an Mheithimh, ar úsáid an-éifeachtach agus an-éifeachtúil é d'acmhainní.



Chun tógáil ar an taithí seo do mhí Mheán Fómhair 2022 agus níos faide ná sin, tá sé tábhachtach leanúint ar aghaidh agus a chinntiú go mbaintear úsáid iomlán as an acmhainn reatha i mbaile nó i limistéar sula mbaintear feidhm as réitigh bhreise chóiríochta do scoláirí Úcránacha atá ag teacht agus do na scoláirí áitiúla atá ag teacht isteach a tharlaíonn de ghnáth. Tabharfaidh sé seo treoir do chur chuige an Aonaid Phleanála agus Fhoirgníochta maidir le hiarratais a mheas ó scoileanna le haghaidh cóiríochta breise. Baineann sé seo go mór freisin leis na scoileanna uile i gcomhthéacs na hoibre a bheidh ag tosú go luath maidir leis an bpróiseas rollaithe do scoilbhliain 2023/24.

Baineann úsáid na hacmhainne reatha i scoileanna go mór freisin leis an gcomhthéacs maidir le cur i bhfeidhm leanúnach agus méadaithe na ranganna oideachais speisialta ar bhonn céimneach inár scoileanna a éascú. Tabharfaidh an Roinn tacaíocht do scoileanna a bhfuil oibreacha athchumraíochta ag teastáil uathu i seomraí ranga chun ranganna atá ag teastáil ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a éascú. Mar chuid den tacaíocht don phróiseas seo, chuir Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne próisis chuíchóirithe i bhfeidhm le déanaí, lena n-áirítear tacaíocht bainisteora tionscadail agus creat de chonraitheoirí a úsáidfear de réir mar is cuí.

### **Seirbhísí Scéim Iompair Scoile**

Is gá do gach páiste ón Úcráin a bhfuil seirbhís iompar scoile de dhíth orthu iarratas nua a chur isteach don scoilbhliain 2022/23, fiú amháin má d'úsáid siad an tseirbhís sa scoilbhliain dheireanach.

Maidir le foirmeacha iarratais atá curtha isteach cheana, tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil siad seo á bpróiseáil de réir mar a thagann siad isteach. Tógfaidh an próiseas seo am, ag cur san áireamh an méadú atá tagtha ar an éileamh don tseirbhís agus bogadh suntasach teaghlach. Meastar go leanfaidh an bogadh seo ar aghaidh le linn Mheán Fómhair. Dá réir sin, is gá é a chur san áireamh i gcás cinntí maidir le clárúchán agus iompar scoile.

### **Nósanna leanúnacha maidir le teaghlach ag teacht isteach agus ag gluaiseacht timpeall**

Tá an fhreagracht ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) as cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine atá ag teacht ón Úcráin. Is é is dóichí go mbeidh roinnt teaghlach Úcránacha ag bogadh amach óna gcóiríocht reatha ag deireadh thréimhse an tsamhraidh, go háirithe iad siúd a cuireadh isteach i gcóiríocht ghearrthearma (cóiríocht scoláirí, mar shampla). Mar thoradh air seo, b'fhéidir go mbogfaidh leanaí agus go gcláróidh siad i scoil nua i mí Mheán Fómhair. Iarrtar ar scoileanna a bheith airdeallach maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh roinnt gluaiseachta de leanaí agus teaghlach agus sna cásanna seo agus an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtugtar na sonraí suas chun dáta ar POD agus PPOD. Ina



leithéid de chásanna, ba chóir a bheith tuisceanach agus an riachtanas a íoslaghdú maidir le hábhair a cheannach a bhaineann leis an scoil aonair.

### **Próiseas an Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) agus an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) le hiarratas a dhéanamh, lena cheadú agus le tarraingt aníos**

Cuireadh in iúl do scoileanna roimhe seo maidir leis na socrúithe chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí an Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) do scoilbhliain 2022/23. Ní mór na hiarratais a dhéanamh ar Fhoirm U-EAL 22/23 atá ar fáil ar an [nasc](#) seo.

Sna cásanna nach bhfuil iar-bhunscoileanna in ann múinteoir a aimsiú chun na huaireanta EAL a chomhlíonadh, is féidir leis an scoil iarratas a dhéanamh go díreach chuig an gcomhordaitheoir ESOL sa BOO áitiúil, agus ceapfar teagascóir, má tá sé/sí ar fáil, ón bpainéal ESOL chun na huaireanta seo, nó an fuilleach díobh, a chlúdach. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil na tacaíochtaí ESOL ar fáil ach d'iar-bhunscoileanna amháin.

### **Tacú le Folláine**

Rinne SNSO an treoir do scoileanna a uasdátú maidir le folláine na leanaí agus na ndaoine óga atá díreach tar éis teacht ón Úcráin agus a tháinig ón Úcráin le déanaí. Sa leagan uasdátaithe seo, tá straitéisí agus acmhainní san áireamh ann chun cuidiú le baill foirne scoile le cuir chuige a chur in oiriúint chun tacú le folláine na ndaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu. Tá an treoir seo ar fáil [anseo support](#).

### **Comhairle um shocrúchán ranga**

Príomhthosaíocht is ea scoláirí a chur isteach sa rang, bliainghrúpa agus clár is aoisoiriúnaí chun tacú le folláine, féiniúlacht, muintearas, dul chun cinn agus torthaí oideachasúla. D'fhorbair an Roinn nóta mioneolais chun treoir a thabhairt maidir le socrúchán ranga agus tá an chomhairle seo ar fáil [anseo](#).

Ós rud é gur gné ar leith de sholáthar na sraithe sinsearaí í an Idirbhliain, tá cuid mhór tuismitheoirí agus scoláirí Úcránacha nach bhfuil an clár ar eolas acu. Chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar an gclár agus ar roghanna na sraithe sinsearaí, tá nóta eolais faoin Idirbhliain ar fáil. Tá sé seo á aistriú faoi láthair agus cuirfear é ar aghaidh nuair atá sé réidh.

### **Acmhainní ar líne san Úcráinis – rannpháirtíocht sa scoil**

B'fhéidir go bhfaighidh scoileanna iarratais ó theaghlaigh Úcránacha le rochtain ar líne a éascú ar acmhainní Úcránacha chun tacú le hoideachas na leanaí agus na ndaoine óga Úcránacha. Cuimsíonn siad seo acmhainní agus ardáin san Úcráinis ar nós an Scoil Lán-Úcráinise Ar Líne.



Ba chóir na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh ina leithéid d'iarratais ar rochtain ar ábhair Úcránacha ar líne:

- Folláine na scoláirí
- Acmhainn na scoileanna
- Riachtanais amchláir na scoileanna
- An gá atá ann (má tá) do ghléasanna TF
- Spásanna foghlama ar fáil leis na gléasanna a úsáid
- Minicíocht na rochtana inmhianaithe ar sholáthar na hÚcráinise ar líne

Ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis na scoláirí Úcránacha agus a dtuismitheoirí / a gcaomhnóirí ar an ngnáthbhealach chun tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh le leas a bhaint as na roghanna is oiriúnaí.

### **Tacú le scoláirí Úcránacha a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu – treoir do scoileanna**

An fócas atá tar éis a bheith ar na scoláirí Úcránacha, scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu san áireamh, ná chun tacaíocht a thabhairt dóibh le bheith curtha isteach is suíomh scoile go luath agus an deis a thabhairt dóibh socrú isteach. Is é a bhí i gceist leis seo ná chun cuidiú leo dul i dtaithe agus i gcleachta lena dtimpeallacht nua, lena mbaile nua agus lena scoil nua. Chlúdaigh sé seo rochtain ar thacaíochtaí praiticiúla agus cuidiú a sholáthar dóibh chun socrú isteach agus cairde a dhéanamh.

Do leanaí Úcránacha a bhfuil RSO acu atá ag clárú sna scoileanna in Éirinn, tá an Roinn Oideachais ag iarraidh leanúint ar aghaidh agus a chinntiú go bhfuil an áit a gcuirtear iad sa timpeallachtaí is iomchuimsithí a thugann an tacaíocht is fearr dá bhfolláine, cuimsiú agus rannpháirtíocht ina gcuid oideachais. Samhlaítear go leanfaidh an chuid is mó de na leanaí Úcránacha a bhfuil RSO acu ag clárú i suíomhanna ranga príomhshrutha agus go mbeidh fáil acu ar na tacaíochtaí atá ann cheana féin sa scoil.

Tá nóta treorach ina leagtar amach an bunús ar a ndéanfar acmhainní múinteora oideachais speisialta (MOS) breise agus cúntóra riachtanas speisialta (CRS) nuair is gá, a leithdháileadh, ar fáil [anseo](#). Sa nóta seo freisin, tugtar le fios conas tacaíocht a thabhairt do leanaí ón Úcráin a bhfuil RSO acu a bheadh rochtain ag teastáil uathu ar rang speisialta nó ar shocrúchán scoile speisialta. Moltar do scoileanna leanúint ar aghaidh agus comhoibriú a dhéanamh lena n-eagraí riachtanas speisialta oideachais (ERSO) áitiúil má tá aon fhiosruithe acu a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do leanaí ón Úcráin a bhfuil RSO acu.



## **Eolas faoi na Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (FOATRanna)**

Gníomhaíonn na foirne FOATR mar theagmhálaí idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir tacaíochta náisiúnta maidir le muintir na hÚcráine ag teacht chuig an tír de réir mar is cuí. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'fhoireann FOATR le tacaíocht a fháil má tá sí ag teastáil agus tá na sonraí teagmhála ar fáil [anseo](#).

Reáchtáiltear na foirne réigiúnacha seo agus faigheann siad tacaíocht riaracháin laistigh de na BOOanna agus treoraíonn siad líonra de phríomhghníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT), pearsanra réigiúnach SNSO, pearsanra réigiúnach CNOS agus ainmnithe áitiúla d'fhorais Bhainistíochta atá ag obair le chéile le scoileanna áitiúla.

## **Líne Chabhrach na Roinne do Phríomhoidí**

Má tá riachtanais tacaíochta eile nó fiosruithe ag do scoil maidir le COVID-19 nó an soláthar oideachais do dhaltaí/scoláirí ón Úcráin, is féidir le príomhoide na scoile teagmháil a dhéanamh freisin le líne chabhrach na Roinne do phríomhoidí ach ríomhphost a chur chuig [USupport@education.gov.ie](mailto:USupport@education.gov.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 057 9324461. Feidhmeoidh an líne chabhrach ó Dé Luain – Dé hAoine 09.00-17.00.

Is mise, le meas,

Deirdre Shanley  
Rúnaí Cúnta

